scoil an Droichid new prospectus:Layout 2 17/02/2016 15:57 Page 1



# Ag sineadh i dtreo an úill is airde





# Réamheolaire • Prospectus


| Clár | Contents | |
|---|---|---|
| Scoil an Droichid | Scoil an Droichid | 2 |
| Eolas Ginearálta | General Information | 3 |
| Físdhréacht | Mission | 5 |
| Aidhmeanna | Aims | 6 |
| A Thuismitheora | Dear Parent | 8 |
| Socraithe Iontrála | Admission Arrangements | 9 |
| Lá na Scoile | The School Day | 11 |
| Taisteal | Transport | 12 |
| Tinreamh and Poncúlacht | Attendance and Punctuality | 12 |
| Tinneas | Sickness | 12 |
| Imeacht roimh dheireadh an lae | Leaving before the end of the day | 12 |
| Costais | Charges | 14 |
| An Curaclam | The Curriculum | 16 |
| Abhair staidéir | Areas of study | 16 |
| Riachtanais Speisialta Oideachais | Special Needs | 16 |
| Measúnacht | Assessment and Reporting | 16 |
| Iompair sa Scoil | School Discipline | 19 |
| Obair Baile | Homework | 20 |
| Imeachtaí Seachchuraclam | Extra-Curricular | 20 |
| Gearáin faoin Churaclam | Complaints about the Curriculum | 21 |
| Cúram Tréadach | Pastoral Care | 21 |
| Polasaí Frith-thromaíocht | Anti-Bullying Policy | 21 |




Ag sineadh i dtreo an úill is airde


Sráid Chúic, Bóthar Ormeau, Béal Feirste BT7 2EP.
F: 02890 313283
R-phost: info@scoilandroichid.belfast.ni.sch.uk
www.scoilandroichid.com

Cook Street, Ormeau Road Belfast BT7 2EP.
T: 02890 313283
E-mail: info@scoilandroichid.belfast.ni.sch.uk
www.scoilandroichid.com



# Scoil an Droichid

**Uimhir Thagartha ROTÉ** : 104/6641
**Uimhir Shuímh BELB** : 0552

**DENI Ref No**: 104/6641
**BELB Location No**: 0552



**Seoladh:**
4 Sráid Chúic, Béal Feirste, BT7 2EP

**Address**
4 Cooke Street, Belfast, BT7 2EP

**Uimhir Gutháin:** (028)90313283
**Faics:** (028)90313283

**Phone:** (028)90313283
**Faics:** (028)90236668

**Seoladh Ríomhphost:**
info@scoilandroichid.belfast.ni.sch.uk

**Email:**
info@scoilandroichid.belfast.ni.sch.uk

scoil an droichid oifigiúil

www.scoilandroichid.com

**Suíomh Idirlín:**
www.scoilandroichid.com

**Website:**
@scoilandroichid.com

**Príomhoide:** Fionnguala McCotter

**Principal:** Fionnguala McCotter

**Leasphríomhoide:** Caitríona Nic Sheáin

**Vice-Principal:** Caitríona Nic Sheáin

# Eolas Ginearálta / General Information

## Baill Bhord na nGobharnóirí/Members of Board of Governors

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cathaoirleach Bhord na nGobharnóirí/ Chairperson of the Board of Governors:** | Alden Henderson | | |
| **Ionadaí na dTuismitheoirí/ Parents Rep:** | Susan Bamford | | |
| **Ionadaí na Müinteoirí /Teachers Rep:** | Eithne Ní Chonchúír | | |
| **Ionadaí eile Bhord na nGobharnóirí / Other Members of the Board of Governors:** | Conor Keenan | Finbarr McCallion | Kay Murphy |
| | Ann Marrion-McCambridge | Deirdre Lynskey | Michael Brentnall |
| | Paula Tumelty | | |

**Foireann Teagaisc/Teaching Staff**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Múinteoirí/Teachers:** | **Naíscoil** | Dunla Ní Fhlannagáin | | |
| | **Rang 1** | Caitríona Nic Sheáin | **Rang 2** | Aoife Mistéil |
| | **Rang 3** | Laura Keenan | **Rang 4** | Áine-Máire O'Neill |
| | **Rang 5** | Aisling Nic Giolla Bhéin | **Rang 6** | Claire Adams |
| | **Rang 7** | Conchúr Keenan | **SENCO** | Eithne Ní Chonchúír |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cúntóirí Ranga/Classroom Assistants:** | Caoimhe Prigent | Margaret Connolly | Bridie Goodman |
| | Maria Sykes | Úna Simpson | Dómhnall Ó Neil |
| | Louise Sykes | | |

| | |
|---|---|
| **Foireann Tacaíochta / Ancillary Staff** | Jacqueline Archer |
| **Rúnaí na Scoile:** | SinéadDouglas |
| **Faire na Scoile:** | Thomas O'Halloran |

scoil an Droichid new prospectus:Layout 2 17/02/2016 15:57 Page 6



scoil an Droichid new prospectus:Layout 2 17/02/2016 15:57 Page 7

# Físdhréacht • Mission

I scoil an Droichid, cuirtear sainoideachas nuálach uileghabhálach ar fáil dár bpáistí trí mheán na Gaeilge. Cothaítear meas sna páistí ina gcultúr féin agus cuirtear fáilte roimh éagsúlacht gach cultúr agus traidisiúin. Cruthaítear scoil ina ndéantar ceiliúradh ar dhínit agus iomlánú an pháiste fríd pháirtíocht pobail. Trasnaímid droichid le nascanna a dhéanamh le pobal oirdheisceart na cathrach agus i gcéin le foghlaim fad an saoil a bhláthú.

In Scoil an Droichid, an innovative excellent, all-embracing education is provided for all our children through the medium of the Irish language. Respect is encouraged in all our children for their own culture and for all other cultures and traditions. The school celebrates dignity and the full potential of each child through community participation.
We cross bridges to create relationships with the community of the South-East of the city and beyond which will blossom through lifelong learning.

# Aidhmeanna na Scoile

1. Is Scoil lán-Ghaeilge í Scoil/Naíscoil an Droichid agus is é príomhaidhm na scoile oideachas bunscolaíochta trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do pháistí idir trí bliana agus bliain déag d'aois.

2. Tá sé mar aidhm ag an Scoil / Naíscoil caoinfhulaingt agus comhthuiscint a chothú i gcúrsaí creidimh, polaitíochta, cultúir agus teanga. Is rún linn go mbeidh tuiscint ag an pháiste ar a dtír féin agus ar an domhan a bhfuil muid beo ann.

3 D'eascair Scoil / Naíscoil an Droichid as an eacht a rinne tuismitheoirí dheisceart agus oirthear Bhéal Feirste tumoideachas Gaeilge a thabhairt chuig a gceantar féin agus is trí iarrachtaí agus rannpháirteachas na dtuismitheoirí a leanfaidh forbairt an tumoideachais ar aghaidh. Bíonn an scoil ag dreim le tuismitheoirí bheith rannpháirteach go hiomlán agus go héifeachtach in oiliúint a gcuid páistí agus in imeachtaí na scoile.

4. Is cuid dhílis de phobal na Gaeilge i Scoil / Naíscoil an Droichid atá ag tabhairt a oidhreachta cultúrtha don chéad ghlúin eile. Tá tacaíocht phobal na Gaeilge, instidiúidí pobail agus rialtais de dhíth le riachtanais na ndaltaí a fhreastalaíonn ár scoil a chur ar fáil i ngach gné dá saoil.

5. Déantar oideachas leathan agus cothrom a sholáthar do na páistí de réir a riachtanais féin. Spreagtar agus cuidítear leo a gcumas iomlán a fhorbairt — go hoideachasúil, go pearsanta, go soisialta agus go fisiciúil.

# Aims of the School

1. *Scoil / Naíscoil an Droichid is an Irish-medium school and the school's main aim is to provide an Irish-medium education for primary school children in the age range 3-11 years.*

2. *The school aims to promote tolerance and mutual understanding in the areas of religion, politics, culture and language. We hope to develop an understanding of the land and of the world in which we live.*

3. *Scoil / Naíscoil an Droichid has emerged as a result of the enormous effort of parents to provide Irish-medium education in the South and East Belfast area. It is only through the continued effort and support of parents that this type of education can thrive and develop. The school strives to fully and effectively involve parents in the education of their children and in the activities of the school.*

4. *Scoil / Naíscoil an Droichid is an integral part of the Irish speaking community in Belfast which faithfully passes its heritage on to the next generation. The support of the existing Irish-speaking community along with that of public and Government institutions is necessary so that the needs of the children who attend our school are met in every area of their lives.*

5. *A broad and balanced curriculum is provided for each child according to his needs. Children are encouraged and assisted to develop their full potential — educationally, personally, socially and physically*

# A Thuismitheora, a chara

Cuireadh an réamheolaire seo ar fáil duit le tú a chur ar an eolas faoi Naíscoil / Scoil an Droichid , faoin fhoireann, faoin eagraíocht agus faoin oideachas atá ar fail do pháistí a thig chun na scoile seo.

Is Scoil Ghaeilge í Naíscoil / Scoil an Droichid a bhfuil breis agus 125 páiste ag freastal uirthi.

Amharcann muid ar na páistí mar dhaoine aonair atá speisialta agus tá foireann againn sa scoil atá tugtha d'ardchaighdeán oideachais a thabhairt do gach páiste do réir a riachtanais fein ag cothú buanna intleachtüla, fisiciúla, spioradálta agus morálta, rud a chuideoidh leis saol sona a chaitheamh ar scoil agus sa tsaol lasmuigh den scoil.

Tá éiteas Críostaí sa scoil agus cothaíonn muid luachanna Críostúla i ngach páiste. Déantar réidh do na saicrimíntí, páisti áirithe den lá scoile.

**ETI report June 2015**
*"The children's development is supported by an effective preventative curriculum and a progressive approach to behaviour management, which promotes their self-awareness and helps them learn to resolve differences through effective communication."*



# Dear Parent

This Prospectus has been produced as a guide for you to Naíscoil /Scoil an Droichid, to inform you about the school, its organization, our staff and about the education which we offer the pupils who come to our school.

Naíscoil /Scoil an Droichid is an Irish-medium school with over 124 pupils. The school is continuing to grow each year.

We view each child as an individual who is special and our staff's aim is to provide the highest standard of education for each child according to his needs, ensuring the promotion of physical, intellectual, spiritual and moral development which will lead to a happy school life and prepare the child for life after school.

Scoil an Droichid is non-denominational. The school will make provision for those children whose parents wish them to be prepared for the sacraments.

**ETI report June 2015**
*"The children's development is supported by an effective preventative curriculum and a progressive approach to behaviour management, which promotes their self-awareness and helps them learn to resolve differences through effective communication."*

# Socraithe Iontrála

Tá sé de pholasaí ag an Naíscoil na páistí siúd a bhfuil aois réamhscoile éigeantach bainte amach a cheadú isteach.

Tá na critéir a bhaineann le cead isteach daltaí mar atá i leabhrán an Bhoird Leabhairlainne a fuair sibh.

**Clarú agus Uimhreacha Iontrála**

| | |
|---|---|
| Uimhir Chláraithe,<br>Meán Fómhair 2014 -2016 | 155 |
| Uimhir Iontrála,<br>Meán Fómhair 2014:<br>(Naíscoil) | 26 |
| Uimhir Iontrála,<br>Meán Fómhair 2014:<br>(Rang a 1) | 24 |

# Admissions Arrangements

It is the School's policy to admit into Naíscoil an Droichid at the beginning of September, children who have reached compulsory Preschool age.

The admissions criteria are set out in the Library Board's handbook which you have received.

**Enrolment and Admissions Numbers**

| | |
|---|---|
| Numbers enrolled<br>September 2014: | 155 |
| Admissions Number<br>September 2014:<br>(Nursery): | 29 |
| Admissions Number<br>September2014:<br>(Primary 1): | 24 |



# Eagrú an Lá Scoile

## Rang a 1 / Rang Naíscoile

### Uaireanta na scoile;

**Rang a 1 & 2 - 9.00am – 2.00pm**

**Rang a 3 – 7 - 9.00am – 3.00pm**

### Uaireanta na naíscoile :

**9.00am – 1.30pm Lón : 12 pm – 12.45**

Má mbíonn do pháiste mall ag teacht chun na scoile caithfidh duine fasta isteacht leo le labhairt le rúnaí na scoile. Is tú atá freagrach as do pháiste a thabhairt chuig an seomra ranga.

### Dinnéar

Déantar réidh an dinnéar i scoil eile sa chomharsanacht agus cuirtear ar fáil é do na páistí é i seomra naíscoile s'againn féin. Tá sé ar fáil d'achan duine san naíscoil.

### Sos

Tá am sosa leagtha amach sa chlár ama ach le faoiseamh a thabhairt do na páistí ó obair ranga agus le am a thabhairt dóibh dul chuig an leithreas bíonn sos neamhfhoirméalta ag gach rang. **Tabhair píosa torthaí do do pháiste le do thoil.**

### I ndiaidh am scoile

Iarraimid oraibh bhur bpáistí a thógáil ag doras na scoile. Tá sé riachtanach gur duine fásta a thiocfas in aircis do pháiste agus murbh é seo an tuismitheoir cuir in iúl don mhúinteoir cé a thiocfas. Iarrtar ort a bheith in am le do pháiste a bhailiú nó tá cúraimí eile ar mhúinteoirí. Maidir leis na páistí a théann chun an bhaile ar an mhionbhus, ní mór go mbeadh duine fásta ag fanacht leo ag an cheannscríbe.

# The School Day

## Primary 1/Naíscoil

### School hours

**Primary 1 & 2 -9.00am – 2.00pm**

**Primary 3 – 7 – 9.00am – 3.00pm**

### Nursery hours :

**9.00am – 1.30pm Lunch: 12pm – 12:45pm**

If your child is coming to school late you must accompany them and ensure you speak to the school secretary. You are responsible for ensuring your child gains access to his/her class.

### Dinner

**Every Nursery Child is encouraged to eat a hot healthy dinner everyday.** Our school dinners are prepared in the nearby St Michael's School and transported to the school where they will be served in the School's own dining area.

### Break-time

Each class has an informal break to allow the children to relax from class-work and to have the opportunity to use the toilet. **We ask that you give your child a piece of fruit or a yogurt for break each day.**

### After the school day

We ask you to collect your child from the school entrance area. An adult must collect the child and if someone different will be picking your child up please let the teacher know. Always collect your child on time as the teachers have other responsibilities. For children who travel home on the mini-bus it is essential that someone collect them from the pick-up point.

## Taisteal

Tá bus **Translink** ar fáil do pháiste óna Maragaidh agus an Trá Ghearr. Imíonn an bus seo ar 8.40rn ar costas £1. Is féidir Smartcard a cheannacht a thugann lacáiste ar gach thuras. Tá bus na scoile ar fáil do pháistí ó Thuaisceart na cathrach. Baile na Feá, Rosetta agus an Trá Ghearr. Fágfaidh an bus na páistí seo ar ais ag áiteanna ar eith agus caithfidh duine ainmithe a bheith ann chun iad a thógáil.

Tá níos mó eolais ar fáil ón Polasaí Bhus.

## Tinreamh and Poncúlacht

Ceann de na fachtóirí is mó a rachaidh i bhfeidhm ar oideachas do pháiste ná an ràta tinrimh a bheas aige, go háirithe sa tumoideachas Gaeilge. Is cuma faoin leibheál ábaltachta deánfaidh gach páiste a thagann chun na scoile go rialta agus a chomhlíonann an obair a thugtar dóibh dul chun cinn. Nuair atá leanbh tinn seal is furast ag an mhúinteoir deileáil leis nó go mbíonn a fhios aige cad é atá caillte ag an leanbh ach do leanbh a chailleann lá anseo ‘is ansúid go rialta is doiligh modhnóireacht a dhéanamh ar an obair agus is neamhrialta an dul chun cinn a dhéanfas an leanbh sin. Tà sé suas duitse mar thuismitheoir dearcadh dearfach i léith dul chun na scoile a chothú ón chéad lá i Rang a hAon.
Is amhlaidh an scéal le ponctúlacht. Ba chóir do gach páiste bheith ar scoil roimh 9.oo r.n. réidh le toiseacht ar an lá scoile. Is cur isteach ar gach duine é páistí ag siúl isteach i lár ceachta.

## Tinneas

I gcás tinnis a mhaireann níos mó ná trí lá is gá nóta dochtúra/mínithe a chur chuig an scoil. Deánfaidh scairt gútháin i gcásanna eile.

## Imeacht roimh dheireadh an lae

Caithfear teagbháil a dheánamh leis an oifig  má tá ar thuismitheoir leanbh a thabhairt amach on scoil i rith am scoile no teagmhail a dhéanamh linn roimh ré más féidir,i gcás coinne atá socraithe.

## Transport

A **Translink bus** is available for the children from Short Strand and the Markets. This bus leaves at 8:40am each day and the cost is £1. However a SmartCard can be purchased which gives a discount on each journey.
The School mini-bus is available to children from the North of the City, Ballynafeigh and Rosetta. The Mini-bus will transport children home to these areas as well as the Short Strand and the Markets. The bus will leave the children at designated places and the **must** be collected by an adult.

The school's **Bus Policy** will give more details about bus arrangements .

## Attendance and Punctuality

One of the most significant factors that will influence your child's performance in school will be his rate of attendance, especially in immersion type education. Regardless of ability level, all children who consistently attend school and complete the work given to them will make progress. If a child is ill for a period of time this can be handled quite easily by the class teacher as she is aware of the work the child has missed, but when short periods are missed frequently, the child's work becomes very difficult to monitor and progress becomes erratic. It is up to you as a parent to instill a positive attitude towards attending school from the first day in Primary One. Punctuality is of the same importance. Every child should be in school and ready to begin their day's work at 9.30a.m. It is very disruptive to all in class if a child arrives in during a lesson.

## Sickness

In the case of an illness which lasts longer than three days it is necessary to send a doctors/explanatory note into school. In other cases a phone call will suffice.

## Leaving before the end of the day

Permission must be sought before removing a child from school during school hours. If you must bring your child out during this time, where possible, let the school know of appointments beforehand.

scoil an Droichid new prospectus:Layout 2 17/02/2016 15:57 Page 16

## Polasaí na scoile ar ghearradh agus mhaolá costais

Ta sé de pholasaí ag Bord Gobharnóirí Scoil an Droichid

1. Oideachas saor in aisce a chur ar fáil do chách agus a chinntiú go mbíonn na gníomhaíochta atá socraithe taobh istigh d'uaireanta scoile ar fáil do gach dalta.

2. Gan costas a ghearradh i léith leabhair, áiseanna no trealamh atá curtha ar fáil i gcomhair leis an churaclam coitianta agus oideachas cráifeach.

3. Costas a ghearradh i léith lóistín ag éirí as ghníomhaíocht taobh istigh d'uaireanta scoile, mar shampla turas chuig aonad oideachasúil.

4. Costas a ghearradh d'imeachtaí roghnacha ag titim amach taobh amuigh d'uaireanta scoile.

Is feídir le Bord na nGobhnarnóirí costas a ghearradh ar thuismitheoirí as
ucht damáiste a dheántar do threalamh na scoile mar gheall ar dhrochiompar dalta.



## Charges

It is the policy of Scoil an Droichid Board of Governors:

1. To provide free education for all and to ensure that all activities organized during school hours are made available to all pupils.

2. To provide free of charge all books, resources and equipment required in connection with the common curriculum or religious education.

3. To charge for board and lodging on residential visits taking place within school hours, for example a field trip to an educational centre.

4. To charge for activities considered as optional extras taking place outside of school hours.

5. To charge for the provision of individual instrumental music tuition.

The Board of Governors may make charges to parents arising from breakages or damage to school property as a result of pupil's misbehaviour.


Zón

## An Curaclam

Tugtar oideachas chomh leathan agus is féidir, de réir riachtanais an pháiste sna Réimsí Staidéir Churaclam Thuaisceart Eireann, de réir an Achta Um Leasú an Oideachais (TE) 1989. Cuirtear an curaclam ar fáil trí mheán na Gaeilge ach tá an Béarla le teagasc chomh maith ó bhliain 3 ar aghaidh, le go féidir leis an pháiste maireachtáil i sochaí a leagann an luach ar an Bhéarla.

## Tugtar aird ar na hachair staidéir seo a leanas:

- Teanga agus Litearthacht -An Ghaeilge agus an Béarla
- Matamaitic agus Uimhearthacht
- An Domhan Domhan Thart Orainn
- Na hEalaíne
- Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint
- Forbairt agus Gluaiseacht Fhisiceach

## Riachtanais Speisialta Oideachais

Deántar iarracht buanna achan pháiste a fhorbairt. Aithnítear riachtanais oideachasúla agus tugtar an tacaíocht chuí don pháiste. Tá polasaí an Bhoird i bhfeidhm ag an scoil agus tá seirbhisí tacaíochta acu le cuidiú leis an mhúinteoir Ranga. Leanfaidh an scoil líne an chódcleachtais.

## Measúnacht

Bítear ag síormheas na páistí le linn an teagaisc agus fríd an obair baile. Tógtar fianaise ó obair ranga ón pháiste agus coinnítear comhad oibre ar gach páiste ina mbíonn samplaí éagsúla oibre a léiríonn an curaclam uilig.

Tugtar tuairisc béil do thuismitheoirí frid agallamh pearsanta i mí Feabhra agus tuairisc scríofa ar gach páiste i Mí Mheithimh.

Deántar reasúnú ag deireadh eochairchéime de réir Rialacha CCEA agus tugtar leibhéal sa dá ábhar — Matamaitic agus Gaeilge, ag deireadh R4 agus Béarla fosta ag R7. Deántar modhnóireacht air seo lasmuigh den scoil.

## The Curriculum

The children receive as broad and balanced an education as possible according to their needs. They are taught the subjects of the Areas of Study of the Northern Ireland Curriculum under the terms of the Education Reform Order (NI) 1989. The curriculum is delivered through the medium of Irish but English is also taught as it is the predominant language of the society in which the child exists.

## The following areas of study are delivered:

- Language & Literacy — Irish; English
- Mathematics & Numeracy
- The World Around Us
- The Arts (Art/Music/PE)
- Personal Development and Mutual Understanding
- Physical Development and Movement

## Special Needs Education

Every effort is made to develop each child's talents. Special Educational Needs are recognized and appropriate support is given to the child. The
BELB policy on Special Educational Needs is in place in school and the outside services are available to us when required. The school will follow the guidelines laid down by the Code of Practice 1998.

## Assessment and Reporting

The children are continuously assessed during teaching and through homework. Evidence is collected from class-work and a file of all the children's work containing samples from every area of the curriculum is kept throughout the year.

Personal interviews are held in February to inform the parents of their child's progress and a written report is sent out at the end of June.

Formal assessment takes place at the end of Key Stage 1 in accordance with CCEA rules and levels in Mathematics and Irish are given to each child at the end of Year 4 and 7. English is also assessed at the end of P7. These results are monitored by CCEA.



scoil an Droichid new prospectus:Layout 2 17/02/2016 15:58 Page 21



## Iompair sa Scoil

Is í an aidhm atá againn ná timpeallacht a chruthrú a chothóidh féinmheas agus féinsmacht an pháiste. Le cinntiú go mbaintear seo amach táthar ag súil go mbeidh na páistí umhal do na rialacha simplí iompair seo a leanas —

- Meas a leiriú do ghach ball de phobal na scoile — páistí, múinteoirí, foireann teagmhasacha agus cuairteoirí
- Bheith múinte
- Bheith in am don scoil
- Bheith brodúil as an scoil, an suíomh agus trealamh na scoile
- Súgradh go cothrom; seachain troid
- Culaith na scoile a chaitheamh
- Siúl i gcónaí gach áit thart ar an scoil
- Cleachtach dea-bhéasa ag am lóin sa bhialann
- Cinntigh nach bhfuil bruscar ar bith ina luí i dtimpeallacht na scoile
- Déan de réir achainí agus treoracha foireann iomlán na scoile go béasach

## School Discipline

We aim to create an environment that will foster the development of the child and nurture the child's sense of self-discipline and self-respect. To make sure that our aim is fulfilled, the children are expected to comply with the following simple rules of behaviour:

- Be respectful of all members of the school community — pupils, teachers, ancillary staff and visitors
- Be well mannered
- Be on time for school
- Show pride in the School, the site and all school property
- Play fairly, avoid fighting
- Wear school uniform
- Always walk on pathways, corridors and in class
- Practice good manners at meal-times
- Ensure no litter is evident anywhere in the school environment
- Comply with the requests and instructions of all members of school staff in a mannerly way.

## Obair Baile

Is cuid tábhachtach d'éispeireas foghlama an pháiste an obair baile. Tá muid mar mhúinteoirí ag dreim leis na tuismitheoirí páirt ghníomhach a ghlacadh inti ag deánamh cinnte go bhfuil sí déanta agus sínithe. Beidh polasaí obair bhaile ar fáil ar ball.

## Imeachtaí Seachchuraclam i Scoil an Droichid.

Deántar an-iarracht éispeireas seachchuraclam a thabhairt do na páistí. Seo thíos cuid
de na himeachtaí a ghlacann muid pairt iontu:

- An Pheil Gaelach
- Iomáint
- Ealaín
- Rang Obair Bhaile
- Leabharlann Rang 7
- Amharclann/Pictiúrlann
- Snámh — ceachtanna snámha do Rang1. Rang 7
- Cór na scoile — ag ceol ar ócáidí éagsúla sa scoilbhliain
- Comórtais ealáine, comórtais scrihneoireachta
- Comórtais Áth-Chúrsála
- Laethanta spóirt
- Ranganna Karate



## Homework

Homework is an important part of the child's learning experience. As teachers we hope the parents will take an active part in the child's homework ensuring that it is checked and signed each night. Our Homework policy will be available soon.

## Extra-Curricular Activities in Scoil an Droichid

We strive to ensure the children experience a wide range of extra-curricular activities. The following list gives examples of some of the events which we take part in:

- Gaelic
- Hurling
- Art
- Class Homework
- Library visits — Primary 1 - 7
- Theatre/Cinema visits
- Swimming — lessons for Primary1~7
- School Choir — performing on several occasions through the school year
- Competitions — art, writing, designing
- Litter Projects
- Sports Days
- Karate Classes

## Gearáin faoin Churaclam:

Ma tá gearán ar bith ag tuismitheoir faoi ghné ar bith den churaclam tá sé de cheart aige a chuid buairimh a léiriú don scoil fríd (i) an mhúinteoir ranga le cead ón Phríomhoide; (ii) an Phríomhoide; (iii) Bhord na nGobharnóirí

## Cúram Tréadach

Tá éiteas na scoile bunaithe ar an chaidreamh cairdiúl idir an fhoireann, na páistí agus na thuismitheoirí. Creidimid nach mbíonn neart go cur le chéile agus mar fhoireann táimid i dtuilleamaí ar a chéile ó thaobh saineolais agus buanna pearsanta de. Aithnítear nach beag an tionchar atá ag tuismitheoirí in oideachas a gcuid páistí agus bheirtear iarracht próiséas na scoile a roinnt leo. Táthar ag súil le bhur dtacaíocht.

## Polasaí Frith-thromaíocht

Mar chuid de Pholasaí Frith-thromaíocht iarramid ar ghach pháiste culaith scoile a chaitheamh agus is ionann sin agus briste bnó sciorta dubh ghorm, t-leine dubhghorm agus brigan dubha. Ní chaithtear bróga reatha ach amháin ag am spóirt.

## Complaints about the Curriculum

If a parent is not satisfied with any aspect of the curriculum offered to his child he is invited to express his concern through (I) the class teacher with permission from the Principal; (ii) the Principal; (iii) the Board of Governors.

## Pastoral Care

The school ethos is founded on a good relationship between staff, children and parents. We believe that there is strength in unity and as a staff we are dependent on sharing one another's expertise and talents. We recognize the enormous contribution parents make to their children's education and we aim to share the school process with you and look forward to your support.

## Anti-Bullying Policy

As part of our Anti-Bullying Policy we ask that all children wear the school uniform which consists of Navy school trousers/navy school skirt, school sweat shirt, navy polo top and plain black school shoes.

Trainers and jogging bottoms are not to be worn to school.

scoil an Droichid new prospectus:Layout 2 17/02/2016 15:58 Page 24

# Ag sineadh i dtreo an úill is airde

